COUR DE JUSTICE
DE L'UNION EUROPÉENNE

1952 - 2022

Preaseisiúint Uimh 197/22
Lucsamburg, 8 Nollaig 2022

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás 460/20 | Google (Díliostú ábhair a líomhnaítear a bheith míchruinn)

# An ceart go ndéanfaí léirscriosadh ("an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad"): ní mór d'oibreoir an innill chuardaigh faisnéis atá san ábhar liostaithe a dhíliostú den ábhar dá dtagraítear nuair a chruthaíonn an t-iarratasóir go bhfuil sé míchruinn go follasach

*Níor cheart go mbeadh cruthúnas den sórt sin, áfach, mar thoradh ar chinneadh breithiúnach a fuarthas i gcoinne fhoilsitheoir an tsuímh ghréasáin.*

D'iarr beirt bainisteoirí de ghrúpa cuideachtaí infheistíochta ar Google go ndíliostófaí na torthaí a fuarthas ar bhonn cuardach ar a n-ainmneacha, ina bhfuil naisc le hailt áirithe ina léirítear go criticiúil samhail infheistíochta an ghrúpa sin. Maíonn siad go bhfuil líomhaintí míchearta sna hailt sin.

Ina theannta sin, d'iarr siad ar Google go ndéanfaí grianghraif díobh lena dtaispeántar iad mar mhionsamhlacha ("thumbnails") a bhaint de liosta na dtorthaí cuardaigh íomhánna, tar éis cuardach a dhéanamh ar bhonn a n-ainmneacha. Níor taispeánadh sa liosta sin ach na mionsamhlacha iontu féin, gan gnéithe de comhthéacs an fhoilseacháin sin a chur san áireamh ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear. Is é sin le rá, níor léiríodh comhthéacs tosaigh fhoilsiú na n-íomhánna agus ní raibh sé infheicthe ar shlí eile agus na mionsamhlacha á dtaispeáint.

Dhiúltaigh Google géilleadh don iarraidh sin, ag tagairt don chomhthéacs gairmiúil ina bhfuil na hailt agus na grianghraif atá á gconspóid sna príomhimeachtaí agus é ag maíomh nach raibh a fhios aige cibé an raibh an fhaisnéis atá iontu míchruinn nó nach raibh.

D'iarr Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhme na Gearmáine, ar tugadh an díospóid os a comhair, ar an gCúirt Bhreithiúnais an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a léirmhíniú, lena rialaítear *inter alia* an ceart go ndéanfaí léirscriosadh ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad'), chomh maith leis an Treoir maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil, arna léamh i bhfianaise Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, chuir an Chúirt in iúl nach ceart iomlán é **an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint** ach, **nach mór é a mheas i bhfianaise na feidhme atá aige sa tsochaí agus é a chothromú i gcoinne cearta bunúsacha eile**, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Dá bhrí sin, foráiltear go sainráite sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go n-eisiatar an ceart go léirscriosfar sonraí i gcás ina bhfuil gá le próiseáil chun an ceart a fheidhmiú a bhaineann, inter alia, le saoráil faisnéise.

Tá tosaíocht ag cearta an ábhair sonraí go ndéanfar an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint, mar riail ghinearálta, ar leas dlisteanach úsáideoirí idirlín a bhféadfadh suim a bheith acu rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá i gceist. D'fhéadfadh an chothromaíocht sin a bheith ag brath, áfach, i gcásanna áirithe, ar

chineál na faisnéise atá i gceist agus ar a híogaireacht do shaol príobháideach an ábhair sonraí agus ar leas an phobail an fhaisnéis sin a bheith acu, leas a d'fhéadfadh a bheith éagsúil, go háirithe, de réir an róil atá ag an ábhar sonraí sa saol poiblí.

**Ní fhéadfar an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chur san áireamh, áfach, i gcás ina gcruthófar, ar a laghad, go bhfuil cuid den fhaisnéis atá san ábhar atá liostaithe, ar faisnéis í nach bhfuil miontábhacht ag baint leis, míchruinn**.

Maidir leis **na hoibleagáidí atá ar an iarratasóir ar dhíliostú** a dhéanamh mar gheall ar mhíchruinneas ábhair, ar an gcéad dul síos, cuireann an Chúirt in iúl gur faoin iarratasóir atá sé míchruinneas follasach na faisnéise, nó cuid di nach bhfuil miontábhacht ag baint léi, a shuíomh. Mar sin féin, ionas nach gcuirfear ualach iomarcach air a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éifeachtacht an chirt go ndéanfaí díliostú, is faoin duine sin amháin atá sé an fhianaise, a d'fhéadfaí a iarraidh go réasúnta ar an duine sin a lorg, a sholáthar. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear air, i bprionsabal, chomh luath leis an gcéim réamhdhlíthíochta, cinneadh breithiúnach a chur ar fáil i gcoinne fhoilsitheoir an tsuímh ghréasáin i dtrácht, fiú i bhfoirm cinnidh a dhéantar mar bheart eatramhach.

Maidir leis na **hoibleagáidí agus na freagrachtaí a bhfuil feidhm acu maidir le hoibreoir an innill chuardaigh,** cuireann an Chúirt in iúl, tar éis iarratas ar dhíliostú a dhéanamh, go gcaithfidh an t-oibreoir sin brath ar na cearta agus leasanna uile lena mbaineann agus ar imthosca uile an cháis, d'fhonn a fháil amach an bhféadfar leanúint d'ábhar a áireamh i liosta na dtorthaí cuardaigh a rinneadh trína inneall cuardaigh. Mar sin féin, **ní féidir a cheangal ar an oibreoir sin ról gníomhach a bheith aige sa chuardach ar fhíorais nach dtacaíonn an iarraidh ar dhíliostú leo,** chun críocha a chinneadh an bhfuil bunús maith leis.

Dá bhrí sin, **i gcás ina dtíolacann an t-iarratasóir ar dhíliostú fianaise ábhartha leordhóthanach atá in ann bunús a thabhairt lena iarraidh agus a shuí gur faisnéis mhíchruinn go follasach í an fhaisnéis** atá san ábhar liostaithe, **ceanglaítear ar oibreoir an innill chuardaigh glacadh leis an iarraidh sin.** Tá sé seo níos fíre fós i gcás ina dtíolacann sé cinneadh breithiúnach ina gcinneadh a leithéid. Ar an taobh eile, i gcás nach bhfuil míchruinneas na faisnéise atá san ábhar a liostaítear soiléir i bhfianaise na fianaise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, ní cheanglaítear ar an oibreoir sin, in éagmais cinneadh breithiúnach den sórt sin, an iarraidh a cheadú. Sa chás sin, áfach, ní mór don iarratasóir a bheith in ann an t-ábhar a chur faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta nó an údaráis bhreithiúnaigh ionas go bhféadfaidh sé na fíoruithe is gá a dhéanamh agus ordú don rialaitheoir bearta a ghlacadh dá réir. Ina theannta sin, éilíonn an Chúirt ar oibreoir an innill chuardaigh úsáideoirí idirlín a chur ar an eolas go bhfuil imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha ann a bhaineann le cineál míchruinn na faisnéise in ábhar liostaithe a líomhnaítear a bheith míchruinn, ar choinníoll gur cuireadh na himeachtaí sin in iúl dó.

**Maidir le taispeáint na ngriangraf mar mhionsamhlacha ("thumbnails")** cuireann an Chúirt in iúl, gurb ionann taispeáint ghrianghraif an ábhair sonraí i bhfoirm mionsamhlacha, tar éis cuardach a dhéanamh de réir a ainm, agus **cur isteach an-suntasach ar chearta an duine sin maidir lena shaol príobháideach a chosaint agus a shonraí pearsanta nó a phríobháideachas** a chosaint.

Tugann an Chúirt dá haire, nuair a fhaigheann oibreoir innill chuardaigh iarraidh ar dhíliostú a bhaineann le grianghraif a thaispeántar i bhfoirm mionsamhlacha, nach mór dó a fhíorú an bhfuil gá leis na grianghraif sin a thaispeáint chun an ceart chun saoráil faisnéise a fheidhmiú d'úsáideoirí idirlín a bhféadfadh suim a bheith acu rochtain a fháil ar na grianghraif sin . I ndáil leis sin, is gné bhunriachtanach é an rannchuidiú le díospóireacht ar mhaithe le leas an phobail atá le cur san áireamh agus cearta bunúsacha iomaíocha á gcothromú.

Sonraíonn an Chúirt **go bhfuil gá le cothromaíocht ar leith idir cearta agus leasanna iomaíocha.** Ar an gcéad dul síos, i gcás ina bhfuil ailt ar a bhfuil grianghraif a léiríonn, agus iad curtha ina gcomhthéacs bunaidh, an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna hailt sin agus na tuairimí a nochtar iontu, agus, ar an dara dul síos, grianghraif a thaispeántar i bhfoirm mionsamhlacha i liosta na dtorthaí ag oibreoir innill cuardaigh lasmuigh den chomhthéacs inar foilsíodh iad ar an suíomh bunaidh. I gcomhthéacs na cothromaíochta a bhaineann le grianghraif a thaispeántar i bhfoirm mionsamhlacha, cinneann an Chúirt gur **cheart aird a thabhairt ar a luach faisnéiseach gan an comhthéacs ina**

**bhfuil siad le feiceáil ar an suíomh gréasáin as a mbaintear iad a chur san áireamh.** Mar sin féin, ní mór aon ghné théacsúil a ghabhann go díreach le taispeáint na ngrianghraf sna torthaí cuardaigh agus gur dócha go soiléireofar luach faisnéiseach na ngrianghraf sin léi a chur san áireamh.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus bhinsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

Tá pictiúir de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ó Europe by Satellite” (+ 32) 2 2964106

**Bígí nasctha!**